



M Á R T A 2 0 2 1

Teachtaireacht An Uachtaráin	3
Ár gCluichí Ár Laochra - Tadhg Ó Corcora	4
Na Páirceanna Baile	6
Cluiche Ceannais Peile na hÉireann 1999: An Mhí v Corcaigh	8
Gníomhaíochtaí Bunscoile CLG don Ghaeilge ar fáil anois	10
10 X Ceist #GAAGaeilge Oraibh!	11
Scór 2018-2021 – cuimhní cinn le hAodán Ó Braonáin	12
Bíodh Gach Seachtain ina ‘Seachtain na Gaeilge’ le GAAGaeilge	14
Gníomhartha Réamhaclaíochta agus Searrtha	16
Aimsigh na Laochra Peile!	17
Cluiche Ceannais Iomána na hÉireann 1999: Corcaigh v Cill Chainnigh	19
Ár gCluichí Ár Laochra - Aisling Reilly	22
Crosfhocal	25
Cluastuiscint do Mheánscoileanna	26
Scéim Deontais Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha Oscailte	27
Seachtain na Gaeilge 2021 - Gaeil Uladh: Tá Pobal sa Ghaeilge. Tá Neart sa Ghaeilge.	28
Lá Cluiche - céard ba chóir dom a ithe?	29
Freagraí	31

Teachtaireacht An Uachtaráin

Cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh, don chéad uair mar Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, chuig an eagrán is deireanaí de ‘Cuaille’, iris Ghaeilge CLG. Is gné an-tábhachtach í an Ghaeilge den Chumann agus tugann an iris seo deis dúinn í a shníomh isteach go nádúrtha inár gcluichí. Tá nasc láidir idir ár gcluichí agus an Ghaeilge agus tá an t-ádh orainn mar Chumann go bhfuil an Ghaeilge ag an oiread ball agus imreoirí is atá.

San eagrán is deireanaí seo de ‘Cuaille’, gheobhaidh sibh na míreanna rialta ‘Ár gCluichí, Ár Laochra’, Do Chlub, Do Chontae’, crosfhocal, gníomhaíochtaí bunscoile, chomh maith le ‘Súil siar ar chluichí ceannais na hÉireann’ eolas faoi Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus go leor leor eile. Tá rud éigin ann do gach duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois!

Um an dtaca seo tá Seachtain na Gaeilge tagtha chun deiridh ach bíodh gach seachtain ina ‘Seachtain naGaeilge’ agaibh. Na déanaigí dearmad gur féidir libh coinneáil suas chun dáta leis an nuacht is deánaí maidir leis na cluichí agus imeachtaí eile de chuid an

Chumainn ar an rannóg Ghaeilge de Shuíomh Idirlín Chumann Lúthchleas Gael, áit a bhfuil acmhainní agus tacaíochtaí Gaeilge ar fáil go héasca.

Tá Covid 19 i réim le hos cionn bliana anois ach tá go leor tuartha dóchais againn anois, ach go háirithe le leathnú amach an vacsaín. Tá mé ag súil go mór leis an lá a mbeidh mé in ann sibh a fheiceáil arís ag cluichí. Coinnímis orainn ag cloí le treoirínte poiblí agus coinnímis dearfach chomh maith.

Beatha teanga í a labhairt!

Beirigí bua agus beannacht,

Labhrás Mac Cárthaigh
Uachtarán
Chumann Lúthchleas Gael





Ár gCluichí Ár Laochra

Tadhg Ó Corcora

As Cill na Marta i lár Ghaeltacht Mhúscraí an chéad laoch eile atá againn sa tsraith 'Ár gCluichí, Ár Laochra'. Chuir muid 20 ceist sciobthaí ar ghaiscíoch óg Chorcaí, Tadhg Ó Corcora, anseo.

Thosaigh Tadhg ag imirt le foireann shinsir Chorcaí i 2019. Ó shin i leith tá sé tar éis dul i bhfeidhm go mór ar bhainistíocht Chorcaí agus é ag daingniú a áite ar fhoireann tosaithe a chontae mar leathchúláí ar dheis. Bhuaigh sé Craobh Idirmheánach an Chontae lena chlub, Cill na Martra, sa bhliain 2018 agus bhuaigh sé Roinn 3 de Shraith Peile Allianz le Corcaigh anuraidh.

'Tá tábhacht ollmhór ag an nGaeilge i mo shaol. Táim ag iarraidh bheith i mo mhúinteoir corpoideachais agus Gaeilge agus mar sin bíim ag labhairt agus ag léamh na teanga go minic. Chomh maith leis sin, is as ceantar Gaeltachta mé, Gaeltacht Mhúscraí i gcontae Chorcaí, agus mar sin is í an phríomhtheanga atá againn i m'áit chónaithe.'

Seo mar a d'fhreagair Tadhg ár gcuid ceisteanna!

Ainm:

Tadhg Ó Corcora

Aois:

22

Club:

Cill na Martra

Contae:

Corcaigh

An scannán is fearr leat?

"Warrior" nó "The Shawshank Redemption"



An banna ceoil is fearr leat?

Kings of Leon

An bia is fearr leat?

Burrito

Clár teilifíse is fearr leat?

Peaky Blinders nó Planet Earth

An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:

Nollaig Ó Laoire nó Tomás Ó Sé

An chéad chuimhne CLG atá agat:

Ag imirt ar scoil nuair a bhíos sna naíonáin mhóra

An chéad uair ar imir tú le do chontae:

Primary Games i gCill Airne i 2011

An t-imreoir is fearr le himirt leat:

Ian Maguire nó Dano Dinneen

An t-imreoir is fearr le himirt i do aghaidh:

David Clifford

An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:

Ciarraí 2020

Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae go dtí seo:

Ag sroichint Chraobh na Mumhan i 2020

Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:

Ag buachaint Chraobh an Chontae i 2018 nó ag sroichint Chraobh Roinn a haon den tsraith i 2019



An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaol imeartha go dtí seo:

Traenálaí sa chlub agus mo thuismitheoirí, Ian agus Martina

Aon chomhairle agat d'imreoirí óga?

Ní féidir obair chrua a shárú

Aon chaitheamh aimsire eile?

Ag féachaint ar scannán nó ag léamh

Laoch spóirt agat taobh amuigh de CLG?

Paul O'Connell

Gluais / Glossary

gaiscíoch – warrior **dul i bhfeidhm** – influence **bainistíocht** – management **daingniú** – consolidate **tábhacht ollmhór** – huge importance

múinteoir corpoideachais – P.E. teacher **ceantar Gaeltacht** – **Gaeltacht areapríomhtheanga** – main language **m'áit chónaithe** – where I live **scannán** – movie/film



Thaitin an Ghaeilge go mór liom nuair a bhí mé ar scoil, agus tá sé iontach tábhachtach dom go ndéanaim mo sheacht ndícheall í a úsáid chomh minic agus is féidir. I make an effort to use the Irish I learned at school as much as I can.

NIALL DONNELLY, AN DÚN

Na Páirceanna Baile



Páirc Uí Nualláin UPMC



Cén t-ainm atá ar do pháirc bhaile?



LAIGHIN

Áth Cliath – Páirc Pharnell
An Mhí – Páirc Tailteann
Cill Dara – Páirc Naomh Connadh
Loch Garman – Páirc Loch Garman, Chadwicks
Uíbh Fhailí – Páirc Uí Chonchubhair, Bord na Móna
Lú – Páirc Dhroichead Átha
Laois – Páirc Uí Mhórdha
Cill Chainnigh – Páirc Uí Nualláin UPMC
Ceatharlach – Páirc Uí Chuilinn
An Iarmhí – Páirc Uí Chíosóig TEG
An Longfort – Páirc an Phiarsaigh, Glennon Brothers
Cill Mhantáin – Páirc Joule, Eachroim

ULAI DH

An Cabhán – Páirc Bhreifne, Kingspan
Tír Eoghain – Páirc Uí Éilí
Muineachán – Páirc Naomh Tighearnach
Ard Mhacha – An Pháirc Lúthchleasa
An Dún – Páirc Esler
Dún na nGall – Páirc Sheáin Mhic Cumhaill
Aontroim – Páirc Mhic Asmaint
Doire – Páirc na gCeilteach
Fear Manach – Páirc Brewster

CONNACHTA

Gaillimh – Staid an Phiarsaigh
Maigh Eo – Páirc Mhic Éil
Ros Comáin – Páirc de hÍde
Sligeach – Páirc Markiewicz
Liatroim – Páirc Seán Mac Diarmada

AN MHUMHAIN

Ciarraí – Staid an Ghearaltaigh
Corcaigh – Páirc Uí Chaoimh
Tiobraid Árann – Staid Semples
An Clár – Páirc Uí Chíosóig
Luimneach – Páirc na nGael, ITL
Port Láirge – Páirc an Bhreathnaigh

EILE

Londain – Páirc Mhig Shamhráin
Nua-Eabhrac – Páirc na nGael





CUMMAN LÚTHCHLEAS GAEL

GAA FOR ALL

CLG do Chách

Tuilleadh Eolais : Gearóidin Ní Thaibhís
01 8192363
geraldine.mctavish@gaa.ie

Cúige Connacht: *Denis O'Boyle*
denisoboyle@gmail.com

Cúige Mumhan: *Gerry McNamara*
gerry.mc@live.ie

Cúige Laighean :*Pat Lynagh*
patlynagh@eircom.net

Cúige Uladh: *Michael Geoghagan*
Treasurer.ulster@gaa.ie





Cluiche Ceannais Peile na hÉireann 1999: An Mhí v Corcaigh

AN MHÍ 1-11 CORCAIGH 1-8

Le Jamie Ó Tuama

Ar 26 Meán Fómhair, 1999, bhuaigh an Mhí Corn Shomhairle Mhig Uidhir don 7ú huair nuair a fuair siad an ceann is fearr ar Chorcaigh i gCluiche Ceannais na hÉireann ar scór 1-11 go dtí 1-08.

Bhí an Mhí tar éis an ceann is fearr a fháil ar Chill Mhantáin, Uíbh Fhailí agus Áth Cliath i gCraobh Laighean sular thug siad aghaidh, ansin, ar Ard Mhacha i gCluiche Leathcheannais na hÉireann. Bhí ceithre chúilín le spáráil acu ar sheaimpíní chúige Uladh an lá sin agus bhí siad ar thóir a gceathrú Craobh Uile-Éireann faoi réimeas Seán Boylan.

Bhí Corcaigh tar éis Cluiche Ceannais Iomána na hÉireann a bhuachan coicís roimhe sin agus bhí siad ag súil le Corn Shomhairle Mhig Uidhir a thabhairt ó dheas agus é a chur ina shuí taobh le Corn Liam Mhic Cárthaigh cois Laoi, uaidh sin go ceann bliana. Fuair siad an ceann is fearr ar Phort Láirge, Luimneach agus ar Chiarraí i gCraobh na Mumhan agus bhí farasbarr dhá chúl acu ar Mhaigh Eo i gCluiche Leathcheannais na hÉireann.

Bhí os cionn 63,000 duine i láthair ag an 112ú Cluiche Ceannais uile-Éireann agus bhí an dá fhoireann is fearr sa tír réidh le gabháil i mbun catha.

Ní raibh ach oiread na fríde idir na foirne sa chéad leath. Nuair a d'éirigh le hOllie Murphy éalú ó Anthony Lynch sa 25ú nóiméad d'aimsigh sé cúl cinniúnach a d'fhág an Mhí trí chúilín chun tosaigh ag leatham, in ainneoin go raibh formhór sheilbh na liathróide ag na Corcaigh go dtí sin. Mar a mhínigh Maidhc Ó Méalóid, ball d'fhoireann bhuacach na Mí i gCluiche Ceannais na hÉireann 1967, idir na foirne céanna: 'Bhí sé éagsúil mar chluiche. Bhí go leor den imirt ag Corcaigh sa gcéad leath, mar a déarfá, agus cheap mé go mbuafadh siad.'

Bhí tús spleodrach leis an dara leath agus tar éis nóiméid amháin bhí cic éirice ag an Mí. Thóg Trevor Giles an cic ach shábháil Kevin O'Dwyer go deas é. Ceithre nóiméad ina dhiaidh sin bhí Corcaigh cúlilín chun tosaigh a bhuíochas do chúilín ón gcaptaen, Phillip Clifford, agus cúl gleoite ó Joe Kavanagh.

'Théis leathama fuair an Mhí cic éirice agus shábháil cúl báire Chorcaí é', a dúirt Maidhc. 'Chuaigh siad suas an taobh eile den pháirc agus fuair siad féin cúl. Cheap mé ag an am sin go raibh an Mhí sínte agus go mbuafadh Corcaigh.'

Ní raibh port na Mí seinnte, mar sin féin, agus bhí go leor peile fágtha iontu.

'Bhí an Mhí go maith ina dhiaidh sin agus rinne siad an jab', a dúirt Maidhc.

‘Fuair Trevor Giles, Ollie Murphy agus Evan Kelly roinnt mhaith scóranna tábhachtacha agus b’in mar a bhíodh go minic an t-am sin. Bhí ceithre phointe ag Trevor, tá mé ag ceapadh.’

Bhí an lá leis an Mí agus bua trí chúilín acu. Ba é Graham Geraghty captaen na foirne an lá sin. Níos faide anonn ina shaol imeartha d’aistrigh Graham go club Mhaidhc, Clann na nGael. Labhair sé faoi thaispeántas Geraghty an lá sin agus an bród a chaithfeadh a bheith ar a chlub nuair a d’fhill sé le Corn Shomhairle Mhig Uidhir. Labhair sé, freisin, faoin meas mór a bhí aige air agus faoin tionchar mór a bhí aige ar an gcluiche.

‘Bhí Graham coinnithe ciúin go maith sa gcéad leath. Ach, tháinig ar aghaidh sa dara leath agus scóráil sé trí phointe an-mhaithe.

Rud mór do chlub ar bith imreoir a bheith ar fhoireann an chontae ach nuair atá leithéidí Graham ann, duine de na daoine is fearr le peil a imirt riamh.

Fear téagartha, éirimiúil, mar a déarfá. Níl a fhios agam cé acu focal ba cheart dom a úsáid ach fágfaidh mé leis an dá fhocal sin é le cur síos ar Graham.

‘Cinnteach bhí an contae uilig an-bhródúil as.’

Bhí a dhóthain déanta ag Seán Boylan roimh an gcluiche sin le bheith luaite i measc na mbainisteoirí is fearr riamh in aon phlé dá leithéid ach creideann Maidhc gur dhaingnigh an bua sin i 1999 a stádas mar bhainisteoir iontach.

Tá an-mheas aige ar Boylan agus neart cuimhní ceanúla aige de bheith ag imirt iomána ina aghaidh agus iad beirt amach sna blianta.

‘Tá aithne agamsa ar Sheán Boylan ó bhíodh muid ag imirt in aghaidh a chéile. Mise ag uimhir 10 d’Áth Búí agus uimhir 7 ar Boylan agus é ag imirt le Dún Bóinne. Nuair a thagadh an liathróid isteach chugainn bhíodh sé chomh láidir agus é ag iarraidh chuile rud a bhuachaint.

Nuair a bhíodh an liathróid ar an taobh eile den pháirc bhíodh sé ag caint leat mar a bheadh beirt seanleids le chéile ar thaobh an bhóthair!’

Suigh siar agus bain taitneamh as an gcoimhlint seo idir an Mhí agus Corcaigh.

Féach ar an gcluiche anseo: <https://www.gaa.ie/news/flashback-cluiche-ceannais-peile-na-heireann-1999-an-mhi-v-corcaigh/>





Gníomhaíochtaí Bunscoile CLG don Ghaeilge ar fáil anois

Tá sraith gníomhaíochtaí Chumann Luthchleas Gael do lucht bunscoile ar fáil anois. Tá na gníomhaíochtaí seo feiliúnach do ranganna agus d'aoisghrúpaí éagsúla ach is féidir na ceisteanna a athrú agus a chur in oiriúint d'aon rang ar leith.

Is féidir na ceachtanna seo a úsáid ag aon am den bhliain freisin, dar ndóigh, agus mar cheachtanna aonaracha nó mar 'Thráth na gCeist'. I measc na n-abhar éagsúil ata clúdaithe anseo tá an Ghaeilge, an mata, an tíreolaíocht, bia folláin agus roinnt mhaith

eile. Is féidir na gníomhaíochtaí a íoslódáil anseo thíos.

Ceachtanna agus gníomhaíochtaí beaga taitneamhacha iad a chothoidh suim sna cluichí agus in imeachtaí eile de chuid Chumann Lúthchleas Gael.

An Ghaeilge – labhair í agus mairfidh sí!
Is féidir na gníomhaíochtaí seo a íoslódáil ANSEO:

<https://www.gaa.ie/news/gnionmhaiochtaibunscoile-clg-do-sheachtain-na-gaeilge-ar-fail-anois/>

Gluais / Glossary

páirc bhaile – home ground **Craobh Uile-Éireann** – All-Ireland Championship **Uachtarán** – President **go deireanach** – the last time **Gormaithe an Bhaile Nua** – Newtown Blues **curaidh reatha idirchontae** – current intercounty champions



10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

Ná bígí ag googláil!

1. Cén t-ainm atá ar pháirc bhaile Chill Dara?
2. Cá mhéad Craobh Uile-Éireann atá buaite ag Maigh Eo?
3. Cé a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann sa bhliain 2010?
4. Cé leis a n-imríonn Paddy McBrearty?
5. Cé a bhuaigh Craobh Iomána na hÉireann sa bhliain 1995?
6. Cén bhliain inar bhuaigh Corcaigh Craobh Shinsir Iomána na hÉireann go deireanach?
7. Cén contae ina n-imríonn Gormaithe an Bhaile Nua?
8. Cé hé Uachtarán nua Chumann Lúthchleas Gael?
9. Ce leis an n-imríonn Shane Conway iomáint?
10. Cé hiad curaidh reatha idirchontae peile Uladh?

FREAGRAÍ





Scór 2018- 2021 – cuimhní cinn le hAodán Ó Braonáin

“Mol an óige agus tiocfaidh sí”, agus tháinig sí. Ba ó na ceithre chúige a tháinig daoine óga go Páirc an Chrocaigh le haghaidh “Cruinniú na nÓg de Scór” i 2019. I rith an lae rinne siad athbhreithniú ar imeachtaí, ar chomórtais agus ar rialacha Scór agus nuair a labhair siad ag ‘Mórchruinniú Scór’ ag deireadh an lae tharraing siad aird a raibh i láthair ann agus tugadh éisteacht dóibh.

Bhí na baill a bhí bailithe ann d’aon intinn dá mba rud é go raibh Scór chun bogadh ar aghaidh agus athruithe a dhéanamh ar an gcur chuige a bhí aige agus ar leagan amach na gomórtas go gcaithfí cluas éisteachta a thabhairt don aos óg. B’shin an lá ba luachmhaire de mo thréimhse mar Chathaoirleach ar Choiste Náisiúnta Scór.

Cuireadh tús le Scór an chéad lá mar rannán cultúrtha de chuid Chumann Lúthchleas Gael. An phríomhaidhm a bhí leis ná seans a thabhairt do bhaill de chuid CLG bailiú le chéile go sóisialta nuair a bhí imeachtaí spóirt ina luí don gheimhreadh agus, trí mhéan na gcomórtais, iarracht a dhéanamh an ceol, na rincí, an amhránaíocht, an Ghaeilge agus nithe eile de chultúr arsa na nGael a chaomhnú agus a fhorbairt.

Bhí sé deacair cúrsaí cultúrtha a spreagadh agus na clubanna go mór mór dírithe ar dhul chun cinn na peile agus na hiománaíochta. Leis na cluichí á n-imirt ó thús go deireadh na bliana bhí sé níos deacra áit agus am a fháil do chúrsaí Scór. Ach, bhí daoine ann i ngach contae agus beagnach i ngach club a d’iompair an t-ualach agus a chinntigh go raibh Scór beo beathach i gcónaí.

Is muid ag ceiliúradh Scór 50 bhí sé de phreibleid agam buíochas mhuintir Scór a chur in iúl do na daoine dílse sin. D’eagraigh na cúigí agus roinnt mhaith contaetha ceolchoirmeacha agus b’aoibhinn liom bualadh leo agus comhghairdeas a dhéanamh leo síúd a



d'eagraigh, a ghlac páirt agus a bhuaigh comórtais de chuid Scór thar na blianta. Mol na seanóirí mar is maith atá sé saothraithe acu!

Tá imeachtaí Scór scriosta le bliain anuas ag an aicíd. Bhí díoma orainn na comórtais a chur ar ceal. Mar sin féin, bíonn sé deacair muintir Scór a chiúnú agus bhí an iliomad imeachtaí de chuid Scór le feiceáil ar líne. Bhí "Virtual Scór" ar siúl i rith

na chéad dianghlása agus tugadh ardán do na céadta ógánaigh agus iad ag damhsa, ag canadh, ag seinm ceoil agus ag aithriseoireacht ar fud na tíre.

Is muid ag ceiliúradh na spride seo ní mór dúinn cuimhniú orthu siúd a d'éag de dheasca an ghalair uafásaigh. Déanaimid comhbhrón le muintir na ndaoine sin. Bíonn sé de nós againn bheith

páirteach i searmanais chuimhneacháin do dhaoine a d'oibrigh ar son Scór a fheabhsú agus táim lánchinnte go mbeidh searmanas oiriúnach á reachtáil ag an gCoiste Náisiúnta nua sár i bhfad.

Mo bhuíochas le mo chomrádaithe a bhí ar Choiste Náisiúnta Scór le trí bliana anuas agus leo siúd atá i gcónaí ag obair ar son Scór.



Labhraím Gaeilge gach lá nó is múinteoir bunscoile mé. Caithfimid an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chothú. Gaelic football is an important part of Irish culture, as is speaking our native language. Tír gan teanga, tír gan anam.

PÁDRAIG FAULKNER, AN CABHÁN



Bíodh Gach Seachtain ina 'Seachtain na Gaeilge' le GAAgaeilge!

Le Jamie Ó Tuama

Tá féile Sheachtain na Gaeilge díreach thart ach ní hionann sin is a rá nach féidir linn ár gcuid Gaeilge a chleachtadh arís go dtí mí Márta na bliana seo chugainn! Ábhar bróid don chumann an méid ball, clubanna, conteatha agus cúigí fud fad na tíre a ghlac

páirt san fhéile i mbliana, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, agus ghlac go leor páirt sa chomhrá ar líne ag #GAAgaeilge, freisin. Ná cuirimis deireadh leis an gcomhrá anois! Coinnímis orainn ag cur chun cinn na Gaeilge inár gcuid clubanna agus inár gcuid pobal. Bíodh an Ghaeilge ag croílár ár gclubanna agus ár gCumainn!

Tá Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha lárnach i gcur chun cinn na Gaeilge sna clubanna agus bhí os cionn 200 club cláraithe leis an scéim seo anuraidh. Scéim í do chlubanna CLG atá á riar ag Glór na nGael i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael. Tá gach eolas faoin bhFondúireacht ar fáil anseo: <https://www.glornangael.ie/clg/>. Mara bhfuil do chlub cláraithe, cláraigh go beo iad!

Bíonn an Ghaeilge le feiceáil ar ardáin chumarsáide CLG ar bhonn laethúil agus is féidir teacht ar an nuacht is deireanaí #GAAgaeilge ar shuíomh idirlín CLG anseo: <https://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/cultur-agus-gaeilge>. Leanfar ag cur podchaoltaí Gaeilge ar fáil i gcomhar le Cian agus Carthach ón An Spota Dubh. Bíonn ‘Cuaille’ – iris Ghaeilge an Chumainn – ar fáil uair sa ráithe agus bíonn ailt rialta le feiceáil i Nuachtlitir na gClubanna gach mí.

Bíonn turais ar Pháirc an Chrócaigh ar fáil do ghrúpaí móra ach iad a lorg ó Mhúsaem Pháirc an Chrócaigh. Bíonn comórtas scríbhneoireachta Gaeilge á reáchtáil ag an Músaem gach bliain, freisin. Bíonn iarratais Ghaeilge – idir amhráin, nuachleasanna agus scéalaíocht/aithriseoireacht – ag babhtaí de chuid Scór. Eagraítear na comórtais seo go dátheangach agus bíonn go leor Gaeilge le cloisteáil ag Scór i gcónaí. Tugtar rogha do gach dalta idirbhliana a dhéanann an clár ‘Ceannairí don Todhchaí’ nó ‘Future Leaders’ é a dhéanamh go hiomlán trí Ghaeilge.

Bíonn Cúl Camps ar fáil trí Ghaeilge ach an t-éileamh a bheith ann ó chlubanna. Tá acmhainní cóitseála Gaeilge, ‘Céim Ar Aghaidh’ ar fáil do mhúinteoirí agus do chóitseálaithe anseo: <https://learning.gaa.ie/gaeilgepeceim>

Bronntar Gradam Mhic Con Mídhe don phíosa iriseoireachta Gaeilge is fearr a bhaineann le cúrsaí CLG gach bliain. Bronnann Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael ‘Gradam Gaeilge an Uachtaráin’ ar dhuine a bhfuil éachtaí saoil déanta acu i gcur chun cinn na Gaeilge sa Chumann gach bliain, freisin.

Ní féidir gabháil go Páirc an Chrócaigh ar lá mór cluichí

gan an Ghaeilge a chloisteáil ó Jerry Grogan, fear tí Pháirc an Chrócaigh ar laethanta cluichí. Ní féidir gabháil ann gan ailt Ghaeilge a léamh sa chlár oifigiúil ó Mhártan Ó Ciardha nó ó Mhac Dara Mac Donncha, gan Ghaeilge a léamh i dTeachtaireacht an Uachtaráin agus gan í a fheiceáil i gCúinne na nÓg sa chlár. Tá comharthaíocht dhátheangach le feiceáil ar fud na staide agus ar an scáileán mór – gan trácht ar shúil an tseabhaic. An bhfuil sé/sí thar an trasnán? ‘Tá’ nó ‘Níl’!

Ceaptar Oifigeach Gaeilge i ngach contae gach bliain agus bíonn áit ag an té a cheaptar ar Bhord an Chontae. Bíonn Oifigeach Gaeilge le ceapadh i ngach club, freisin. Cuirigí aithne orthu!

Tá blaisín beag de na rudaí a dhéanann Cumann Lúthchleas Gael chun an Ghaeilge a chur chun cinn le feiceáil thuas. Coinnímis orainn ag cur na Gaeilge ag croílár ár gCumainn. Eagraímis ócáidí agus imeachtaí Gaeilge ag leibhéal an chlub, an chontae, an chúige agus go náisiúnta ó cheann ceann na bliana. Déanaimis ceiliúradh ar ár dteanga náisiúnta, ní hamháin le linn Sheachtain na Gaeilge, ach le linn na bliana ar fad. #GAAgaeilge abú!

Labhraímis í agus mairfidh sí!



D’fhoghlaim mé an Ghaeilge ar feadh tamaill agus mé ar scoil in Inis Ceithleann. I have attended beginners’ classes and listening to podcasts. I practice my cúpla focal at home with my wife and I try and use Gaeilge whenever I can!

EOIN DONNELLY, FEAR MANACH



Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Roinn an rang ina mbeirteanna
- Liathróid idir gach beirt



Eagrú


- Roinn an rang ina ngrúpaí, ochtar i ngach grúpa
- Liathróid amháin ag gach grúpa
- Le cóin, marcáil limistéir 8-10m
- Cuir ceathrar ina seasamh ag gach cón



Leibhéal Ranga: Ranganna 3 & 4


Gníomh 1 – Pasáil gan Bogadh

- Ar a seal, pasáileann na daltaí an liathróid chuig a bpáirtí
- Leantar leis an ngníomh ar feadh tuairim nóiméide



Gníomh 2 – Pasáil agus Gluais

- Ag bogshodar, gluaiseann an chéad dalta ar aghaidh ón marc agus pasáileann an liathróid chuig an gcéad dalta ar an taobh eile, a dhéanann an gníomh ansin
- Leanann gach dalta ar aghaidh agus glacann a (h)áit ag deireadh an líne ar an taobh eile



Pointí Teagaisc

- Cinntigh go bhfuil dóthain spáis ag na beirteanna an ngíomh a dhéanamh agus iad ina seasamh, gan bogadh.
- Bainidís úsáid as an deasóg agus as an gciotóg agus iad ag pasáil na liathróide

Le plé ag na daltaí:

- Méadu nó laghdú ar an mbearna eatarthu

Pointí Teagaisc

- Chun an gníomh a fhágáil níos deacra, méadaigh an bhearna idir na daltaí
- C** Cén fáth nach mór a chinntiú go gcoinníonn an lámh ag gluaiseacht tríd an liathróid agus an pas-doirn á dhéanamh?

M	I	C	H	A	E	L	F	I	T	Z	S	I	M	O	N	S	A
B	A	Ú	C	L	Á	D	U	Á	B	É	B	C	A	F	D	C	C
J	O	H	N	S	M	A	L	L	I	E	C	H	É	B	G	O	I
A	P	T	F	C	O	N	O	C	A	L	L	A	G	H	A	N	A
M	Á	J	S	E	G	R	É	P	H	O	D	Ó	D	Í	N	O	R
E	D	H	M	M	Í	L	L	I	N	L	E	M	E	T	I	R	Á
S	R	K	G	B	F	I	F	E	G	É	O	D	A	H	C	S	N
M	A	Á	N	R	Ó	A	M	O	B	P	I	O	N	O	O	W	K
C	I	L	L	I	A	N	O	C	O	N	N	O	R	M	I	E	I
C	G	T	U	A	Ú	S	T	H	R	I	M	S	O	A	S	E	L
A	F	H	Ú	N	S	Í	M	R	U	A	U	P	C	S	Í	N	K
R	A	T	Ó	F	N	Í	O	L	P	L	R	R	K	G	N	E	E
T	U	N	C	E	Ú	B	N	M	Á	L	C	L	A	A	M	Y	N
H	L	D	G	N	H	Á	Í	G	Á	S	H	I	É	L	U	F	N
Y	K	F	Ó	T	É	P	D	R	C	C	A	S	B	L	L	A	Y
P	N	Ó	R	O	S	Á	T	D	B	U	N	Ú	O	I	L	G	Á
I	E	N	Í	N	M	H	L	G	Ú	L	T	H	F	G	I	E	Ó
L	R	A	Y	M	O	N	D	G	A	L	L	I	G	A	N	F	M
R	Á	C	S	B	P	B	T	C	Ó	Y	D	Ú	D	N	P	E	É

Aimsigh na Laochra Peile!

Aimsigh na laochra peile seo a leanas a fuair Gradaim All-Star i 2020:

RAYMOND GALLIGAN

(An Cabhán)

OISÍN MULLIN

(Maigh Eo)

PÁDRAIG FAULKNER

(An Cabhán)

MICHAEL FITZSIMONS

(Áth Cliath)

JAMES MCCARTHY

(Áth Cliath)

JOHN SMALL

(Áth Cliath)

EOIN MURCHAN

(Áth Cliath)

BRIAN FENTON

(Áth Cliath)

THOMAS GALLIGAN

(An Cabhán)

NIALL SCULLY

(Áth Cliath)

CIARÁN KILKENNY

(Áth Cliath)

CON O'CALLAGHAN

(Áth Cliath)

CILLIAN O'CONNOR

(Maigh Eo)

CONOR SWEENEY

(Tiobraid Árann)

DEAN ROCK

(Áth Cliath)



FREAGRAÍ



Do Chlub, Do Chontae Caith an Fáinne!



Tá an Fáinne ar fáil ó
www.gael-linn.ie / www.cnag.ie

#GAAgaeilge



CORCAIGH 0-13

CILL CHAINNIGH 0-12

Le Jamie Ó Tuama

Ar lá fliuch báistí ar 12 Meán Fómhair, 1999, bhuaigh iománaithe Chorcaí Craobh na hÉireann tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Chill Chainnigh ar scór 0-13 go dtí 0-12. Bhí Corn Liam Mhic Cárthaigh cois Laoi arís don chéad uair ó 1990 i leith agus bhí an 'gorta' thart.

Leis an gcluiche ceannais a bhaint amach d'éirigh le foireann Jimmy Barry Murphy an ceann is fearr a fháil ar Phort Láirge i gCluiche Leathcheannais na Mumhan agus ar an gClár sa chluiche ceannais. Bhí bua trí chúilín acu ar Uíbh Fhailí i gCluiche Leathcheannais na hÉireann.

D'éirigh le Cill Chainnigh Cluiche Ceannais na hÉireann a bhaint amach tar éis dóibh buachan ar Laois i gCluiche Leathcheannais Laighean agus, ina dhiaidh sin, ar Uíbh Fhailí sa chluiche ceannais. Bhí farasbarr ceithre chúilín acu ar an gClár i gCluiche Leathcheannais na hÉireann agus bhí siad tríd chuig a gcéad chluiche ceannais le Brian Cody ag an stiúir.

Labhair gaa.ie le Seán Óg Ó hAilpín le gairid lena chuimhní a fháil ar an gcluiche. D'inis sé dúinn faoin tionchar a bhí ag an aimsir ar imeachtaí an lae sin. 'Tá cúpla cuimhne agamsa ar an lá', a dúirt Seán Óg. 'Is

dócha an chéad cheann is cuimhin liom ná an aimsir. Bhí an aimsir uafásach ar an lá. Ní hamháin go raibh sé ag cur báistí ach bhí sé ag cur báistí go fíochmhar agus go trom agus ní ar feadh scaithimh ach ar feadh an chluiche ar fad agus roimh ré.'

Ní raibh báisteach ar bith ann an mhaidin sin nuair a chuaigh Corcaigh go Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, le téamh suas agus mhínigh Sean Óg an chaoi ar tháinig an bháisteach aniar aduaidh orthu díreach in am don chluiche.

'Is cuimhin liom go ndeachaigh muid amach chuig UCD nó Belfield le téamh suas. Bhí sé tirim, glan, ag an am. Chuamar go Páirc an Chrócaigh ansin agus bhí sé fós tirim, ach, chomh luath agus a chuamar amach ar an bpáirc thosaigh sé ag cur báistí.'

Is cuimhin liom Paráid na nUachtarán, Uachtarán na hÉireann agus Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael. Nuair a shiúil siad ar an gcairpéad dearg thit an bháisteach chomh trom san agus thit sé ar feadh an chluiche.'

Maidir leis an gcluiche féin is cuimhin le Seán Óg taispeántas Brian Corcoran agus an chinnireacht a thug sé an lá sin:

'Is cuimhin liom, chomh maith, an taispeántas a thug Brian Corcoran. Ar an lá sin bhí sé mar leathchúlaí lár dúinne. Bhí sé ar fheabhas ar fad agus thug sé sárchinnireacht dúinn go háirithe nuair a bhí leath den fhoireann ag imirt i gCraobh na hÉireann don chéad uair.

An rud deireanach is dócha ná go raibh an scór chomh híseal san. Bhuamar le pointe amháin – 13 pointe go dtí 12 pointe. Tá mé ag gáire anois mar ní bhuafadh sé sin cluiche iomána sa lá atá inniu ann.’

Níl aon amhras faoi ach go raibh tionchar an-mhór ag an mbáisteach ar an scór a bheith chomh híseal sin. Chuir an dá fhoireann go leor seansanna amú. D’aontaigh Seán Óg leis an méid sin agus labhair sé faoin tionchar a bhí ag an aimsir ar an gcluiche.

‘Tá sé i bhfad níos éasca liathróid thirim a láimhseáil ná liathróid atá fliuch. Nuair a bhíonn sé ag cur báistí ní bhíonn do radharc céad fán gcéad i gceart, fiú ag féachaint ar na postaí.

De ghnáth nuair a dhéanann tú botún sa mbáisteach, sílim go seasann sé amach níos mó ná botún in aimsir thirim nó in aimsir ghlan. Bhí an-tionchar ag na coinníollacha ar an gcluiche. Suas go dtí san, cé nach rabhamar ag fáil mórán cúl, bhíomar ag sroichint 20 pointe nó mar sin sna cluichí.’

Ag pointe amháin chuaigh Cill Chainnigh ceithre chúilín chun tosaigh sa dara leath agus d’fhéadfaidís brú ar aghaidh agus an cluiche a chríochnú amach. Ag tagairt dó de sin, dúirt Seán Óg:

‘Caithfidh muid féachaint ar an gcluiche san agus ar na cinn a chuir siad (Cill Chainnigh) amú, mar, nuair a bhí siad chun cinn bhí an-seansanna acu chun an cluiche a bhuachaint ach níor aimsigh siad a gcuid seansanna agus thug sé sin seans dúinn teacht ar ais sa gcluiche.’

Tréith mhór de chuid imreoirí Chorcaí an bhliain sin, mar sin féin, ná gur chríochnaigh siad a gcuid cluichí go an-láidir. Tá Seán Óg den tuairim go raibh tionchar mór aige sin ar an gcluiche agus ar an deireadh láidir a bhí acu leis an gcluiche.

‘Cé nár imríomar chomh maith agus a d’fhéadfaimid, tá rud amháin sa mbliain sin, agus go háirithe na leaids óga a bhí againn, bhí muid in ann na cluichí a chríochnú go hana-láidir. Le deich nóiméad le dul i ngach cluiche an bhliain sin, má bhíomar cóngarach don fhoireann eile is dócha go raibh an mhuinín againn go bhféadfadh muid an cluiche a chríochnú níos láidre ná an fhoireann eile agus sin an rud a rinneamar.’

Gné an-suntasach d’fhoireann sin Chorcaí ná an méid imreoirí óga a bhí acu. Ag an am, ba mhinic na meáin ag tagairt do mheánaois na foirne – 22 bliain d’aois. Bhí imreoirí Chill Chainnigh i bhfad níos sine ná iad agus bhí siad tar éis imirt i gcluichí ceannais roimhe sin. D’iarr mé ar Sheán Óg ar chuir sé sin brú breise ar fhoireann óg Chorcaí.

‘Bhí brú cinnte ag teacht ón bpobal toisc nach raibh craobh buaite ag Corcaigh le beagnach 10 mbliana anuas. Ag an am san, bhí daoine ag féachaint air sin mar shórt ‘gorta’ ag Corcaigh san iománaíocht. Bíonn an lucht leanta ag súil go mbuafadh Corcaigh craobh gach trí bliana. Mar sin, cinnte bhí brú ag teacht ón bpobal.

Rud eile a chabhraigh ná gan a bheith ag éisteacht leis na meáin chumarsáide agus gan a bheith ag léamh na bpáipéirí.

Bhí Cill Chainnigh mar rogha na coitiantachta an cluiche sin a bhuachaint mar bhíodar i bhfad níos sine ná muidne. Bhí roinnt den fhoireann sin a d’imir i gCraobh na hÉireann roimhe sin, leithéidí DJ Carey agus John Power.

Suas go dtí an t-am sin bhí, is dócha, ceithre nó cúig Chraobh na hÉireann imeartha acu. Bhí níos mó taithí acu.

An rud a bhí againn ná gur ‘cluiche 50-50’ a bhí ann... gan a bheith ag díriú go hiomlán ar Chill Chainnigh. Bhí orainn díriú orainn féin agus bhí an mhuinín againn. Dá n-éireodh linn ár gcluichí féin a imirt bhí an-seans againn.’

Bhí go leor d’imreoirí Chorcaí an lá sin ar na foirne a bhuaigh dhá Chraobh faoi 21 i ndiaidh a chéile i 1997 agus i 1998 agus cheap Sean Óg go raibh sé sin an-tábhachtach agus iad ag tabhairt aghaidhe ar Chill Chainnigh sa chluiche seo.

‘Maidir leis an bhfoireann, is dócha nár chuir muid mórán brú orainn féin mar bhí, mar a dúirt mé, seachtar a tháinig amach ón bhfoireann faoi 21 an bhliain roimhe sin nuair a bhuamar Craobh na hÉireann agus a bhuaigh dhá chraobh as a chéile i ‘97 agus i ‘98.

Bhí ana-mhuinín ag na leaids sin agus is dócha gur spreag sé sin muid agus gur thug sé muinín don phainéal ar fad. Toisc go rabhamar mar bhuaiteoirí faoi aois bhíomar in ann é sin a thógaint suas go grád na sinsear agus bhí an meon sin againn.’



Dar ndóigh, d'éirigh le foireann sin Chorcaí dhá Chraobh Uile-Éireann eile a bhuachan roinnt blianta ina dhiaidh sin agus níl aon amhras ar Sheán Óg ach gur chabhraigh an bua seo in aghaidh Chill Chainnigh leis an bhfoireann an dá chraobh eile sin a bhuachan. 'Bhuamar dhá chraobh Uile-Éireann agus chailleamar dhá chraobh eile ina theannta sin. I ndiaidh '99 d'imir muid ceithre chraobh eile agus bhuamar dhá chraobh as an gceithre chraobh sin.

Bhí bua '99 fiorthábhachtach ar fad mar is dócha gur thug sé sin an spreagadh dúinn. Má bhuann tú ceann amháin, is í an chéad cheist eile ná an féidir leat ceann eile a bhuachaint agus toisc go raibh tuiscint againn conas craobhacha a bhuachaint chabhraigh sé sin linn sna blianta a tháinig ina dhiaidh sin, ó thaobh an ullmhúcháin agus ó thaobh taithí ar conas an lá mór a láimhseáil.'

D'fhoghlaim muid go leor ón gcraobh i '99. Bhí an-chuid rudaí ar an lá sin nua dúinn – an pharáid, ag imirt os comhair slua chomh mór san, ag creathadh láimhe le hUachtarán na hÉireann agus le hUachtarán Chumann Lúthchleas Gael. Na craobhacha a tháinig ina dhiaidh sin bhí siad sórt nádúrtha dúinn.'

Bhí ceangal speisialta idir na himreoirí sin freisin, dar ndóigh, agus labhair Seán Óg faoin tionchar a bhí aige sin ar na buanna eile a bhí acu.

'An taithí a fuairamar ó '99, bhí sé an-fhiúntach ar fad agus rud eile mór dúinn ná go ndeachaigh tromlach na leids ar aghaidh agus bhuaigh siad craobhacha eile. An ceangal a thóg tú leis na leids eile nuair a bhuaigh tú craobh leo, tá sé uathúil agus tá sé fíorláidir.'

Mar atá luaite cheana féin, bhuaigh Seán Óg trí cinn de chraobhacha Uile-Éireann le Corcaigh. Cé acu bua ba mhó a thaitin leis?

'Nuair a smaoiním ar na craobhacha go léir ba é an ceann ab fhearr liom ná '99 mar is dócha marach an blas a fuair muid uaidh sin is dócha nach mbeadh muid tar éis dul ar aghaidh agus níos mó a bhaint amach.'

Suigh siar agus bain taitneamh as an gcath fíochmhar seo idir Corcaigh agus Cill Chainnigh. Breathnaigh siar ar an gcuiche uilig anseo:

<https://www.gaa.ie/news/flashback-cluiche-ceannais-iomana-na-heireann-1999-corcaigh-v-cill-chainnigh/>



Ár gCluichí Ár Laochra

Aisling Reilly

San eagrán is deireanaí seo de Ár gCluichí, Ár Laochra, cuireann muid 20 ceist sciobthaí ar Aisling Reilly. Tá Aisling i measc na n-imreoirí liathróid láimhe is fearr sa domhan agus tá dhá Chraobh Dhomhanda buaite aici go dtí seo chomh maith leis an iliomad teideal eile.

Ba mhór an pléisiúr dom labhairt léi le gairid.

‘Tá ról lárnach ag an Ghaeilge i mo shaol. Tógadh fríd an Ghaeloideachas mé anseo i mBéal Feirste áit a bhfuil mé faoi láthair. Úsáidim an Ghaeilge gach uile lá agus is í an Ghaeilge atá mar príomhtheanga agam san obair agus sa tsaoil.’



*Is mar seo e leanas a d'fhreagair
Aisling ár gcuid ceisteanna*

Ainm:

Aisling Reilly

Aois:

32

Club:

Cumann Naomh Pól, Béal Feirste

Contae:

Aontroim

An scannán is fearr leat?

The Blind Side nó Harry Potter 3,4,5,6,7,8

An banna ceoil is fearr leat?

Meascán de gach rud. Tá seinnliosta fíormheasctha agam.

An áit is fearr leat?

Thar sáile - An Phortaingéil. Sa bhaile seachas Bóthar Bhaile Andarsan – Na Dúnaibh, Dún na nGall.

An bia is fearr leat?

Bradán nó Stéig & Prátaí Brúite.

Clár teilifíse is fearr leat?

Gogglebox

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**

Paul Brady i liathróid láimhe.

An chéad chuimhne CLG atá agat:

Ag amharc ar Naomh Pól i gcluichí sinsir peile agus iománaíochta i bPáirc Mhic Asmaint.

An chéad uair a ndearna tú ionadaíocht ar do

chontae: D'imir mé mo chéad chluichí don chontae i gCraobh na hÉireann nuair a bhí mé 11 bliana d'aois.

An t-imreoir is fearr le himirt leat:

Martina McMahon – Imríonn an bheirt againn mar fhoireann 'doubles' go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

An t-imreoir is fearr le himirt i d'aghaidh:

Déarfainn Martina arís go háirithe ar na mallaibh.

An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:

Cluiche Ceannais Chraobh an Domhain i 2012. Bhí sé speisialta maith mo chéad cheann a bhaint os comhair mo chairde agus mo chlainne.

Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae go dtí seo:

An chéad Craobh na hÉireann sinsir a bhain mé déarfainn.

Buaicphointe do shaoil imeartha le do club go dtí seo:

Bhain mé cúpla Craobh Uladh i bpeil na mban le grúpa cairde agus mo dheirfiúr ina measc. Is cuimhin liom tacaíocht ollmhór a fháil ó gach ball de chuid an chumainn nuair a bhí an bua againn.

An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaoil imeartha go dtí seo:

Bean darbh ainm Mary Lindsay. Ba í mo chéad chóitseálaí i liathróid láimhe nuair a bhí mé 9/10 agus

rinne sí cinnte go raibh foghlaim agus an craic againn nuair a bhí muid óg. Tá sí go fóill ag dul do thraenáil na bpáistí sa spórt sa lá atá inniu ann.

Aon chomhairle agat d'imreoirí óga?

Is cuma cén aois thú nó cad é atá bainte agat, tá spás le forbairt agus foghlaim i gcónaí. Nuair a shíleann tú nach bhfuil...tá tú i dtrioblóid. Bí díograiseach agus tiocfaidh na buanna.

Aon chaitheamh aimsire eile?

Ba ghnách liom peil agus camógaíocht a imirt nuair a bhí mé níos óige sular éirigh mé as le béim a chur ar liathróid láimhe. Taobh amuigh de sin is breá liom a bheith ag siúl na sléibhte.

Laoch spóirt agat taobh amuigh de CLG?

Tá sé deacair gan Serena Williams a lua ó thaobh an tionchair agus gach rud atá bainte aici sa spórt agus í go fóill ar lorg an chéad ceann eile.

Gluais / Glossary

Craobh Domhanda – World Championship **iliomad** – multitude **ról lárnach** – central role **Gaeleideachas** – Irish-medium Education **príomhtheanga** – main language **seinnliosta fíormheasctha** – very mixed playlist **prátaí brúite** – mashed potato **ar na mallaibh** – lately **Craobh an Domhain** – World Championship **a bhaint** – to win **tacaíocht ollmhór** – massive support **díograiseach** – dedicated **béim** – emphasis **ag siúl na sléibhte** – mountain walking **tionchar** – influence **ar lorg** – seeking



Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair |
Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa
Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

Tuilleadh eolais:
www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor

GAA
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN




Crosfhocal

TRASNA

1. Curaidh Peile na hÉireann 1991, 2,3
2. Contae ina n-imríonn Seamróga Bhaile Héil, 4, 9
8. Contae Niall Morgan, 3, 7
10. Contae na dTreabh, 8
13. Bainsiteoir Iománaithe na Luimnigh, 5
14. Club Dean Rock 5, 5
15. Réiteoir ó Ard Mhacha, 7, 6

SÍOS

1. Curaidh Iomána Chorcaí 2020, 2, 8, 5
3. Contae Beag, 2
4. Iar-Uachtarán CLG, 5
5. Club Odhráin Mhic Niallais, 5, 7
6. Seastán i bPáirc an Chrócaigh, Ardán Uí _____, 8
7. Curaidh Chorn Nickey Rackard 2020, 3, 2, 5
9. Páirc Bhaile Mhaigh Eo, Páirc Mhic _____, 3
11. Bainisteoir Chill Dara, 1, 6
12. Comórtas damhsa de chuid Scór, Rince _____, 6



FREAGRAÍ





Podchraoladh Oifigiúil Chumann
Lúthchleas Gael

SEACHTAIN NA GAEILGE LE CLG



Cluastuiscint do Mheánscoileanna



San eagrán seo de phodchraoladh oifigiúil CLG, i gcomhar leis an Spota Dubh ó Raidió na Life, labhraíonn Cárthach Breathnach agus Cian Ó Griallais le Robbie McDaid, Baile Buadáin-Naomh Éanna agus Áth Cliath, le Declan Hannon, captaen Luimnigh, agus tá teachtaireacht ann ó Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Labhrás Mac Cárthaigh.

Éist leis an bpodchraoladh anseo agus freagair na ceisteanna seo thíos bunaithe ar an agallamh le leathchúláí Átha Cliath, Robbie McDaid (ón 8ú nóiméad go dtí 20ú nóiméad): <https://soundcloud.com/user-147517856/seachtain-na-gaeilge-leis-an-clg>

Is féidir éisteacht le podchraoltaí eile de chuid Chumann Lúthchleas Gael anseo: <https://soundcloud.com/user-147517856>

Ceisteanna

1. An raibh an briseadh ón imirt a tháinig de barr Covid-19 ina chabhair ag Robbie?
2. Cé a bhuaigh ar chlub Robbie ag tús mhí Eanáir?
3. Cén chaoi ar úsáid Robbie an dianghlasáil le barr feabhais a chur ar a chluiche féin?
4. An raibh sé go maith d'intinn Robbie an briseadh a bheith aige? Tabhair cúis le d'fhreagra.
5. Cén comórtas a bhí ag foireann Átha Cliath le linn na dianghlasála?
6. Cé a fuair an ceann is fearr ar chlub Robbie i gCluiche Ceannais Peile Átha Cliath?
7. Cén chaoi ar mhothaigh Robbie an tseachtain roimh Chluiche Ceannais na hÉireann?
8. An bhfuair Robbie comhairle ó na himreoirí eile a bhí ar an bpainéal agus é ag réiteach do Chluiche Ceannais na hÉireann?
9. Céard a dúirt Robbie faoi na mothúcháin a bhí air nuair a séideadh an fheadóg dheiridh?
10. Cá raibh Robbie ar scoil? Luaigh dhá scoil.
11. An mbíonn deis ag Robbie Gaeilge a labhairt le himreoirí eile Átha Cliath? Luaigh dhá phointe le d'fhreagra.

Gluais / Glossary

eagrán – edition **podchraoladh** – podcast **teachtaireacht** – message **bunaithe ar** – based on **agallamh** – interview **leathcúláí** – halfback **briseadh** – break **ina chabhair** – helpful **dianghlasáil** – lockdown **barr feabhais a chur** – to perfect **intinn** – mind **ceann is fearr a fháil ar** – to defeat **mothaigh** – to feel **comhairle** – advice **réiteach** – prepare **mothúcháin** – emotions **séid** – blow **fheadóg dheiridh** – final whistle **deis** – opportunity

FREAGRAÍ





Scéim Deontais Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha Oscailte

Tá Glór na nGael ag glacadh le hiarratais ar dheontais ó chlubanna CLG atá cláraithe le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh bhabhta 1 den scéim i 2021.

Tá deontas de suas le €500 ar fáil anois do chlubanna atá rannpháirteach sa scéim teanga Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha a bhíonn á riar ag Glór na nGael i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael. Incháilithe faoin scéim deontais seo tá tionscadail agus imeachtaí a chuireann úsáid agus foghlaim na Gaeilge chun tosaigh i measc an chlubphobail. Cuirfidh an Fhondúireacht maoiniú meaitseála ón chiste ar fáil d'imeachtaí incháilithe ar bhonn €2 do gach €1 a chuireann an club féin ar fáil. Tá uasmhéid de €500 ar dheontas a thabharfar d'aon club sa bhabhta seo, sin €750 san iomlán le caitheamh ar thionscadal le bunsíntiús an chlub san áireamh. Tionscadail ar leith a chuirfear i gcrích roimh dheireadh na bliana amháin a bheas incháilithe sa bhabhta seo.

Déan teagmháil leis an Oifigeach Forbartha áitiúil ag Glór na nGael chun foirm iarratais a fháil maraon le heolas ar théarmaí agus ar choiníollacha na scéime. Tá an maoiniú seo teoranta do chlubanna atá cláraithe leis an Fhondúireacht. Is gá d'iarratais a bheith istigh faoi 17:00 ar Aoine 16ú Aibreán 2021.

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha buíoch as tacaíocht airgid i dtreo na scéime seo ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, ó Chumann Lúthchleas Gael agus ó Fhoras na Gaeilge.



Seachtain na Gaeilge 2021 – Gaeil Uladh: Tá Pobal sa Ghaeilge. Tá Neart sa Ghaeile.

Leis an Dr. Tricia Ní Chearra

Bhí an coróinvíreas linn le linn Sheachtain na Gaeilge 2020, agus deireadh curtha le himeachtaí, le hócáidí agus le rudaí speisialta a bhí beartaithe ag cuid mhór againn in earnáil agus i bpobal na Gaeilge dá bharr.

Bhí orainn ár guid oibre a mhúnlú thart ar iarmhairtí na paindéime i rith 2020. Bhí Seachtain na Gaeilge 2021 faoi lánseol idir 1-17ú Márta i mbliana, agus bhí pobal na Gaeilge ag ceiliúradh le bród agus le fuinneamh ar líne, ar na meáin shóisialta, agus le chéile, cé go raibh gá le scaradh sóisialta i mbliana.

Tá bród an domhain ar CLG Uladh gur oibrigh muid go cruá le linn mhí Feabhra 2021, a bhuí le deontas ó Seachtain na Gaeilge le Energia, ag caint le Gaeil Uladh, idir imreoirí aitheanta, oibrithé deonacha, phobal na Gaeilge ó na meáin chumarsáide, agus pháistí scoile, ar shraith físeán atá mar léiriú ar staid reatha na teanga sa chúige, agus a chaitheann solas ar Ghaeil Uladh mar atá siad: láidir, gníomhach, tiomanta, cruthaitheach.

Le linn Sheachtain na Gaeilge 2021, chuala muid ó phobal na Gaeilge agus ó dhaoine aitheanta ar dhóigheanna éagsúla: cuireadh tús leis an phodchraoladh úr de chuid CLG Uladh: Bothántaíocht, ina mbím féin, mar Oifigeach Gaeilge CLG Uladh, ag caint le daoine éagsúla ó gach cúlra teanga faoi ábhair éagsúla; cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí saoil araon. Labhair

muid le hÁine Ní Bhreisleáin ó RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ón phodchraoladh aitheanta ‘Beo ar Éigean’ faoi Lá Idirnáisiúnta na mBan sa chéad chlár.

Chruthaigh muid naoi bhfíseán dár gcontaetha in Uladh, físeán eile do na meáin shóisialta a léiríonn ionadaithe Chúige Uladh le chéile, agus scannán 30 bomaite ina bpléann gach duine a bhí páirteach a saol leis an Ghaeilge agus le CLG. Tá fáilte roimh gach duine i CLG na físeáin seo a úsáid ag cluichí móra, ag imeachtaí sa chlub, ag cúrsaí traenála agus go leor eile. Beidh siad ar fáil ar shuíomh CLG Uladh gan mórán moille, ach is féidir iad a fheiceáil ar Twitter / Facebook idir an dá linn.

Is é an aidhm a bhí againn ná an Ghaeilge a normáilú agus a chur ar bhur súile daoibh mar atá sí: beo beathach, i mbéal an phobail, ag óg is aosta, agus ag croílár Chumann Lúthchleas Gael; lárnach sna cluichí, sa cheol, sa damhsa, agus san oidhreacht.

Is é an mana atá againn anseo i CLG Uladh i mbliana ná go bhfuil pobal agus neart sa Ghaeilge. Beidh sé sin iontach soiléir i ndiaidh daoibh an físeán ‘Gaeil Uladh’ a fheiceáil.

Tá pobal sa Ghaeilge. Tá neart sa Ghaeilge. Agus, mar a deir CLG, tá áit dúinn uilig ann.



Is í an Ghaeilge an fhéiniúlacht atá ag gach mac is iníon máthar atá ina gcónaí ar an oiléan seo

CATHAL BARRETT, TIOBRAID ÁRANN



Lá Cluiche – céard ba chóir dom a ithe?

D'fhéadfadh an méid a itheann imreoirí ar lá cluiche tionchar mór a imirt ar an gcaoi a n-imríonn siad. Tá sé fíorthábhachtach nach n-itear an iomarca d'aon bhia ar leith.

Sa ghearrfhíseán seo a rinneadh mar chuid den chúrsa idirbhliana de chuid Chumann Lúthchleas Gael, Ceannairí don Todhchaí nó 'Future Leaders', faigheann muid léargas ar an gcineál bia ar cheart do imreoirí a ithe ar lá cluiche.

Labhraítear anseo le hAoife Ní Chasaide, Sleacht Néill agus Doire, le Liam Rushe, Áth Cliath, le Sinéad Finnegan, Áth Cliath, agus leis an saineolaí cothúcháin Kate McDaid.

Breathnaigh ar an bhfíseán [anseo](#).

Is comhthionscnamh é 'Ceannairí don Todhchaí –

Clár don Idirbhliain' idir CLG agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST). Is clár traschuraclaim é ina bhfuil sraith modúl a bhfuil sé mar aidhm acu aibíocht, tionscnaíocht, freagracht agus scileanna ceannaireachta a spreagadh i measc daltaí.

Cuireann an clár an t-eolas agus na scileanna ar fáil atá riachtanach le tacú leis na róil uilig atá riachtanach leis na cluichí Gaelacha a reáchtáil go héifeachtach. Mar chuid den chlár tugtar dúshlán do dhaltaí Blitzchomórtas CLG a eagrú agus a reáchtáil nó Ionad Sárchluichí do dhaltaí níos óige a bhunú agus/nó tacú le cóitseáil daltaí níos óige sa scoil nó i measc an phobail.

Tá an clár ar fad le fáil go hiomlán trí Ghaeilge.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoin gclár, cliceáil [anseo](#) chun an cur i láthair PowerPoint a íoslódáil.



Bhí an Ghaeilge lárnach i mo shaol ó aois an-óg. Úsáidim Gaeilge go rialta nuair a bhím ag labhairt le mo chlann agus le mo chairde. Caithim an fáinne le bród.

NIALL Ó MUINEACHÁIN, CILL DARA



Seolfaidh Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Seán Ó hÓráin
Aip Nua Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha
Dé Céadaoin 18.11.20 ag 16:00 ar lch. Facebook Ghlór na nGael



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht




Foras na Gaeilge

Freagraí


P. 11 10 X Ceist #GAgaeilge Oraibh!

1. Páirc Naomh Connladh
2. 3
3. Corcaigh
4. Dún na nGall
5. An Clár
6. 2005
7. Lú
8. Labhrás Mac Cárthaigh
9. Ciarraí
10. An Cabhán

P. 16 Aimsigh na Laochra Peile!



P. 25 Crosfhocal



P. 26 Podchraoladh

1. Bhí
2. Cill Chua
3. (a) sos dá ghortú (b) seans díriú ar a chuid scórála
4. Sos don intinn agus sos don chorp
5. Pizza a dhéanamh
6. Baile Munna
7. Neirbhíseach, difriúil, an-deas srl...
8. Fuair, ó Michael Darragh Macauley
9. Dochreidte ar fad. Ní dhéanfar dearmad air riamh.
10. Scoil Naithí agus Coláiste Eoin
11. Bíonn le Ciarán Kilkenny agus déanann imreoirí eile ar bheagán Gaeilge iarracht Gaeilge a labhairt leis ó am go chéile.



MÍLE BUÍOCHAS

Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.

Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh agus á chur i in eagar ag Jamie Ó Tuama.

Deartha ag DBA Publications,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.



TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN



TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN